

Preaseisiúint

PR 11/2019

24 Meitheamh 2019

Laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann go dtí leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim sa bhliain 2018, ach tá ardlíon cásanna ar feitheamh ann fós

Tháinig laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann i dtíortha AE+ don tríú bliain as a chéile in 2018, ar ais go dtí na leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. In ainneoin méadú ar líon na n-iarratas a rinneadh sna chéad chúig mhí de 2019, tá sé róluath le tabhairt le fios gur athrú fadtéarmach suntasach é i dtreochtaí le déanaí.

Sheol an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) a [Tuarascáil Bhliantúil 2018 ar Staid an Tearmainn i dtíortha AE+](#) sa Bhruiséil, ar an 24 Meitheamh 2019. Foilseachán tagartha suaitheanta is ea an Tuarascáil, a bhfuil sé mar aidhm léi forléargas cuimsitheach a chur ar fáil ar staid an tearmainn i dtíortha AE+ agus ar fheidhmiú praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS).

Mar a bhí tuairiscithe ag EASO níos luaithe i mbliana, b'ionann iad na **664 480 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** i dtíortha AE+ in 2018 agus **laghdú don tríú bliain as a chéile**, an uair seo le 10%. Bhain thart ar 9% de na hiarratais seo le hiarratasóirí leantacha. Cé gur fhan líon na n-iarratas an-chobhsaí i rith 2018, tá cobhsaíocht choibhneasta ar leibhéal AE+ ag ceilt éagsúlachtaí móra idir na Ballstáit agus idir saoránachtaí aonair.

Ba é **39% an ráta iomlán aitheantais sa chéad chéim in 2018** i dtíortha AE+, ar laghdú 7 bpointe céatadáin é ar an mbliain roimhe. Cé gur eisíodh líon níos lú cinní dearfacha ar an iomlán, tugadh stádas dídeanaí le céatadán níos airde de chinní dearfacha (55% de na cinní dearfacha).

Ba iad an tSiria (13%), an Afganastáin agus an Iaráic (7% an ceann) trí phríomhthír thionscnaimh na n-iarratasóirí i dtíortha AE+ in 2018. Ar na 10 saoránacht tionscnaimh is mó iarratas áiríodh an Phacastáin, an Nigéir, an Iaráin, an Tuirc (4% an ceann), Veiniséala, an Albáin agus an tSeoirsia (3% an ceann). Sa bhliain 2018, thaisc náisiúnaigh ó na tíortha atá díolmhaithe ó cheanglais víosa chun dul isteach i Limistéar Schengen aon chúigiú de na hiarratais ar fad, lena n-áirítear Veiniséalaigh, Colómaigh, Albánaigh agus Seoirseacha.

Maidir le tíortha glactha, in 2018, taisceadh formhór na n-iarratas ar thearmann **sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Iodáil, agus sa Spáinn**. I dteannta a chéile, b'ionann na cúig thír sin agus beagnach trí cheathrú de na hiarratais ar fad a taisceadh i dtíortha AE+.

Fuair **an Ghearmáin** an líon is mó iarratas (184 180) don seachtú bliain as a chéile, in ainneoin laghdú 17% i gcomparáid le 2017. Méadaíodh líon na n-iarratas **sa Fhrainc** don cheathrú bliain as a chéile, chomh hard le 120 425 in 2018, an leibhéal is airde a taifeadh sa Fhrainc go dtí seo. Ba í **an Ghréig**

an tír a raibh an tríú líon is airde iarratas aici a taisceadh i dtíortha AE+ in 2018, ag méadú don chúigiú bliain as a chéile, go dtí 66 965 iarratas.

Ba iad na cúig thír is mó glactha in aghaidh an duine ná **an Chipir, an Ghréig, Málta, Liechtenstein,** agus **Lucsamburg.**

Ag deireadh 2018, bhí an líon **cásanna ar feitheamh** ard fós, agus thart ar 896 560 iarratas ar fheitheamh cinnidh dheiridh i dtíortha AE+. B'ionann sin agus laghdú beag 6% i gcomparáid le deireadh na bliana 2017.

Ní léiríonn méadú go luath in 2019 athrú fadtéarmach suntasach ar threochtaí le déanaí.

Sna chéad chúig mhí de 2019, cláraíodh breis agus 290 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+. Is ionann sin agus **méadú 11% ar an tréimhse chéanna sa bhliain 2018.** Le linn na tréimhse sin, ba iad an tSiria (8%), an Afganastáin agus Veiniséala (7% an ceann) na príomhthíortha tionscnaimh. Is ionann sin agus beagnach iarratas amháin as gach ceithre iarratas i dtíortha AE+.

Sa tréimhse sin, tháinig méadú freisin ar líon na n-iarratas a rinne náisiúnaigh Mheiriceá Laidinigh. Thaisc náisiúnaigh Veiniséalacha thart ar 18 400 iarratas ar thearmann, thart ar a dhá oiread a taisceadh sa tréimhse chéanna sa bhliain 2018, agus thaisc náisiúnaigh Cholómacha a thrí oiread iarratas i gcomparáid leis an mbliain 2018. Taifeadadh méaduithe freisin ó náisiúnaigh as an tSalvadóir, as Hondúras, as Nicearagua agus as Peiriú.

Ba cheart an méadú go luath sa bhliain 2019 a thuiscint sa chomhthéacs den laghdú suntasach le trí bliana anuas, agus go háirithe le leibhéal anuraidh ar ais go dtí leibhéal na bliana 2014. Níl cosúlacht ar bith ar an scéal ag an bpointe seo gur athrú suntasach é ar threochtaí foriomlána an méadú measartha ar líon na n-iarratas le déanaí, ós rud é go mbítear ag súil le luaineachtaí míosúla.

Ceangaltáin:

- [Príomhthorthaí ó Thuarascáil Bhliantúil 2018](#)
- [Achoimre Feidhmiúcháin](#) [ar fáil i 23 teanga AE]
- [Tuarascáil Bhliantúil 2018 ar Staid an Tearmainn i dtíortha AE+](#)
- [Iarscríbhinn: Iarratasóirí ar Thearmann de réir tíre de réir tíre AE+ agus de réir príomhshaoránaigh](#)

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: press@easo.europa.eu